**Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven kasatsionen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 28 Meitheamh 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne BG**

**(Cás C-427/22)**

(2022/C 408/36)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven kasatsionen sad

**Cúisí**

BG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa in Airteagal 4(1)(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a léiriú sa chaoi nach mór creidmheas a dheonú go heisiach ó chístí a fuarthas ón bpobal mar thaiscí nó cistí inaisíoctha eile nó an bhféadfadh institiúid creidmheasa creidmheas a dheonú ó chístí ó fhoinsí eile freisin?

2. Conas ba chóir ábhar "ionstraim[e] arna heisiúint i bhfoirm ar bith ag na húdaráis ar ar deonaíodh an ceart an gnó a dhéanamh" de réir bhrí Airteagal 4(1)(42) de Rialachán AE Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a léiriú, agus an gcuimsíonn sé an scéim údarúcháin trí cheadúnas agus an scéim údarúcháin trí chlárúchán araon le haghaidh na n-oibríochtaí creidmheasa?

([1]) IO 2013 L 176, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 28 Meitheamh 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne VB**

**(Cás C-430/22)**

(2022/C 408/37)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Spetsializiran nakazatelen sad

**Cúisí**

VB

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

An gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 8(4) de Threoir 2016/343 ([1]) a léiriú sa chaoi go bhfuil ar chúirt náisiúnta a chiontaíonn cúisí *in absentia*, i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 8(2), tagairt shainráite a dhéanamh do cheart an chúisí na himeachtaí a athoscailt, atá de cheart aige faoi Airteagal 9 den Treoir sin, ionas gur féidir é a chur ar an eolas, go háirithe nuair atá sé á choimeád d'fhonn an phianbhreith a fhorfheidhmiú, faoin gceart sin níos déanaí? Tá an cheist ina thaobh sin ann toisc nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta go ndéanfar cúisí a ciontaíodh *in absentia* a chur ar an eolas faoina cheart go n-athosclófar na himeachtaí nuair atá sé i gcoimeád chun an phianbhreith a fhorfheidhmiú; ní fhoráiltear ach an oiread do pháirt a bheith ag cúirt agus barántas gabhála Eorpach á eisiúint chun an phianbhreith sin a fhorfheidhmiú.